Guth Ghoill

Luach € 1.50

# Beannachtaí na Nollag

Seo thíos páistí ó Scoil Dhuibhlinn Riabhach agus Scoil na nDúnaibh a bhí páirteach sna geamaireachtaí i gColáiste Ros Goill ar 14 agus 16 Nollag. Tuilleadh pictiúr ar L. 23





*Guím, a Mhuire,*
*Is agraim, a Chríost,*
*Mise a choimrí,*
*Go bhfille mé arís.*



Ba mhaith le Foireann Chéim Aniar Beannachtaí na Nollag agus Bliain Úr faoi Mhaise a ghuí oraibh uilig.

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

| | |
|---|---|
| Na Geamaireachtaí | 1 |
| Clár | 2 |
| Ceann na Leargaidh | 3 |
| Caife na Sráide | 11 |
| Teach Phaidí Óig | 13 |
| Daidí na Nollag<br>Naíonáin 2007 | 14 |
| Seoladh Leabhar Jack | 15 |
| Garda Cósta na Maoile Ruaidhe | 18 |
| An t-Oireachtas 2007 | 19 |
| Curach Bhaile Átha Cliath | 20 |
| Ranganna Gaeilge | 21 |
| Dán na Nollag | 22 |
| Na Geamaireachtaí | 23 |
| Coirneál Thuaithail | 25 |
| Biddy Mhic Laifeartaigh<br>Máire Bn Uí Ghallchóir | 27 |
| Cóisir i gClubtheach Ros na Binne | 28 |

# Ceann na Leargaidh.

Tagann ainm an bhaile fearainn seo ón fhocal 'learg' a chiallaíonn talamh a éiríonn le fána agus is cinnte go n-éiríonn an talamh sa bhaile seo le fána ón fharraige ag lag na hUillinne suas go seanscoil Cheann na Leargaidh. Ba ghnách é a scríobh mar '*Ceann an Leargaidh'* ach is dócha gur tharla seo mar sa chaint ba ghnách an *ceann* agus *na* a rá mar aon fhocal amháin *Ceannna Leargaidh* agus ansin tosaíodh ar é a scríobh mar Ceann a' Leargaidh.

Is dócha go bhfuil Ceann na Leargaidh ar



cheann de na bailte fearainn is lú sa pharóiste. Tá sé suite ar bhruach Lag na hUillinne agus radharc breá uaidh suas an Mhaol Ruaidh. Bhí deacrachtaí i gcónaí ag bunadh Cheann na Leargaidh déanamh amach c'acu bhí siad ar an taobh thoir nó ar an taobh thiar, c'acu faochóga nó péisteoga a bhí iontu!!

Leoga leathchéad bliain ó shin ní raibh mórán tithe cónaí i gCeann na Leargaidh - Teach a' Táilliúra, (Mac Giolla Bhríde), Teach Keller, Teach Isaac, (Mac Giolla Choinnigh), agus Teach Chlark. Ansin bhí na cottages, ina raibh cónaí ar Chlann Mhic Gairbheith, Chlann Mhic Giolla Bhríde, Chlann Mhic Laifeartaigh agus Chlann Uí Bhuaidhe. Tógadh na cottages sa bhliain 1912 agus baisteadh na cottages úra orthu de thairbhe go raibh cottages Ros na Binne ansin rompu. Tógadh iadsan sa bhliain 1910. Níos faide soir ó na cottages bhí Teach Shéarlaí Dháibhí, (Mac Giolla Choinnigh) ach cha raibh mórán cónaí a dhéanamh sa teach seo leathchéad bliain ó shin; ba Mosie an duine deireanach den teaghlach a rinne cónaí ann agus fiú san am sin cha bhíodh sé ann ró-mhinic. Tá neart tithe sa bhreis i gCeann na Leargaidh anois idir thithe buanhcónaí agus thithe saoire.

***Seanbhallóg.***

Bhí seanbhallóg faoi Theach Shéarlaí Dháibhí a raibh cónaí ann tráth den tsaol ar theaghlach eile de shloinneadh Mhic Giolla Choinnigh fosta. Seo áit a nglaoití an 'Hole' air. Bean a raibh cónaí uirthi sa tseanbhallóg seo ab ea bean a raibh Lizzie the Hole uirthi. Bhí fear ina chónaí i gceann de na seanbhallóga seo fosta a raibh Andy the Weaver air. Bhí Andy's brae mar ainm ar an mhallaigh a shín ón tseanbhallóg suas go dtí an bealach mór ag teach Tom Cahill. Ní raibh bealach ar bith isteach go dtí na tithe seo ach a theacht trasna an chladaigh ag Lag na hUillinne agus dá mbeadh an lánmara istigh ba ghnách leo bád beag a úsáid. Cheannaigh Clann Mhic Gairbheith an talamh a raibh na tithe seo tógtha air chomh maith le limistéar talaimh a shín uaidh anall go dtí Teach Phaidí Phaidí Bhuaidhe. Ba as an tseanbhallóg seo a tháinig bunadh Davy Mc Elhinney, fear a raibh garáiste aige féin agus ag a chlann i bPort na Bláiche ar feadh blianta ach tá an garáiste sin druidte anois agus Davy ar shlí na fírinne le blianta fada.

***Scoil Cheann na Leargaidh.***

Ansin thuas ar chúl Tí Isaac bhí scoil Cheann na Leargaidh, scoil Phrotastúnach a cuireadh ar bun sa bhliain 1831 ar mhaoiniú ó Cholonel Robertson. Cé gur scoil Phrotastúnach a bhí inti d'fhreastal go leor Caitliceach uirthi fosta mar go raibh sí i bhfad níos cóngaraí do pháistí Ros na Binne agus Cheann na Leargaidh ná bhí ceachtar den dá scoil eile, Scoil Mhíobhaigh agus Scoil Dhoire A'Chasáin. Bhí leathchéad páiste ag freastal ar an scoil seo timpeall na bliana 1834 - 25 Caitliceach agus 25 Protastúnach, tríocha gasúr agus scór girseach. Is cosúil go dtug an sagart paróiste a bhí anseo 1917—1920 an tAthair Ó Baoill cuairt ar thuismitheoirí fá Ros na Binne agus fá Cheann na Leargaidh le linn na tréimhse seo agus gur bhagair sé orthu faoi bheith ag cur a gcuid páistí chuig scoil Phrotastúnach agus b'iontach an rud é don am sin go dtug siad an chluas bhodhar dó. Druideadh an scoil seo i mí na Nollag 1944.

Cheannaigh clann Uí hAodha an scoil agus rinne siad athchóiriú uirthi le teach cónaí a dhé-




Teach Uí hAodha (Áit a raibh an scoil)

anamh di. Tá siadsan ina gcónaí ansin le fada.

***Fulacht Fiadh.***

Níos faide amach an bealach cúl seo agus ar an teora le Cluain tSaileach tá Fulacht Fiadh áit ar ghnách le sealgairí (hunters) a gcuid cócaireachta a dhéanamh le linn an ré iarainn agus mhair an bealach cócaireachta seo go dtí an 16ú aois. Ba ghnách leis na sealgairí poll a bhaint i dtalamh a mbeifí cinnte go líonfadh sé le



huisce. Chuirtí adhmad ansin ar thaobhanna an phoill. Dhéantaí clocha a théamh go dtí teocht an-ard i dtine mhór agus ansin chuirtí iad isteach sa linn uisce seo agus ba seo an dóigh a théigh siad an t-uisce. Chuirtí píosa mór d'ainmhí, fia b'fhéidir, agus é fillte agus clúdaithe suas i gcochán isteach san uisce agus d'fhágtaí ansin é ar feadh tréimhse áirithe go dtí go mbeadh sé réidh le hithe.

***Bealach Úr.***

Rinneadh an bealach atá ag dul síos go dtí na cottages sa bhliain 1958. Bhí scaifte maith de bhunadh an cheantair amuigh ag obair air ach cosúil le cuid mhór bealtaí eile ag an am níor cuireadh tarra ar bith air go dtí an bhliain 1970 agus cha deachaigh an tarra thar theach Mhic Gairbheith, caithfidh go raibh Clann Mhic Gairbheith ag bhótáil an bealach ceart!!

Bhí an seanbhealach síos go dtí na Cottages a bhí in úsáid roimhe sin ag an cheann eile den bhaile agus leoga bheadh sé deacair bealach a thabhairt air bhí sé chomh garbh sin agus bhí cúpla corradh milteanach air, rud a d'fhág é fíorchontúirteach. Níor ghnách le mórán caranna é a úsáid, d'fhanadh siad thuas ag ceann an bhealaigh. Cuireann sé iontas orm i gcónaí cad é mar a d'éirigh le leoraithe a theacht anuas ansin nuair a bhíodh muintir na gcottages ag tabhairt 'na bhaile a gcuid móna. An trácht a ba mhó a bhíodh ar an tseanbhealach seo ná: beithígh, asail, cairteacha a ba ghnách a bheith ag tarraingt ar an cheárta a bhí ag Clann Mhic Gairbheith. Idir eagrán na Nollag agus eagrán Mhí na bhFuílleach den iris seo bhéarfaidh muid cuairt ar na teaghlaigh a bhí sa bhaile fearainn seo leathchéad bliain ó shin.

**Teaghlaigh Cheann na Leargaidh.**

**Clann Mhic Giolla Bhríde ( Na Táilliúirí).**

Cuirfidh muid tús le scéal Cheann na Leargaidh le beirt fhear ceirde a raibh tábhacht mhór ag baint lena gceird ag an am, mar a bhí an táilliúir agus an gabha. Ba táilliúir a bhí in Donchadh Mac Giolla Bhríde (Donchadh a' Táilliúir) agus ba ghabha a bhí in Aindí Mac Gairbheith (Aindí 'n Ghabha) agus a mhac Willie Aindí'n Ghabha.

Rugadh Donchadh a' Táilliúir (Donnchadh Mac Giolla Bhríde) thíos in Ailt a' Chaorthainn sa bhliain 1906. Donchadh Beag a thugtaí air mar gurbh é Donchadh an t-ainm a bhí ar a athair fosta. Nancí an t-ainm a bhí ar a mháthair agus duine de mhuintir Chuilinn as Dún Dubháin a bhí inti. Naonúr a bhí sa chlann, Bidí, Paidí, John, Prionsi, Micí, Donchadh, Dan, Máire, agus Jimí. Fear uasal a bhí in Donchadh a'Táilliúir. Bhí sé suaimhneach, séimh, stuama agus ionraic.

Ina óige chaith Donchadh lear dena chuid ama nuair a bhíodh sé saor amuigh ar an fharraige ag iascaireacht, amuigh ar churach nó ag snámh. Ba ghnách leis fhéin agus le Frank Eoin, Paidí Phaidí Bhuaidh, Nochie Shéarlaí Phádraig agus Charlie Ann snámh ó Phól a' Nocsaí trasna go Fánaid corr Dhomhnach nuair a bhíodh an aimsir feiliúnach.

*Nancí (Máthair Dhonnchaidh)*



***Dul le Ceird.***

Bhí sé de rún ag Donchadh bheith ina tháilliúir ó bhí sé ina ghasúr óg agus bhí sé beartaithe go bhfaigheadh sé a chuid traenála óna sheanuncail, Muiris Mac Giolla Bhríde, fear a bhí ina tháilliúir agus a raibh cónaí air ar fheirm bheag i gCluain tSaileach. D'fhoghlaim Muiris agus a dhearthá-ir Micí Mór, a gceird óna seanathair Seán Mac Giolla Bhríde, táilliúir taistil a tháinig a chónaí in Ailt a' Chaorthainn ó Ghlinsc i bhFánaid. Sula raibh táilliúirí sa cheantar anseo thagadh an táilliúir taistil thart agus gheobhadh sé lóistín in cibé teach a mbíodh sé ag déanamh culaithe ann. Ar an drochuair fuair Muiris bocht bás nuair nach raibh Donnchadh ach thart fá trí bliana déag d'aois. Sin agus uile, char chuir sé

nóisean na ceirde as ceann Dhonchaidh agus nuair a bhí sé cúig nó sé bliana déag d'aois socraíodh go bhfaigheadh sé a chuid traenála óna cholceathair, John Dhonchaidh Mhícheáil, a bhí ina tháilliúir i gCluain tSaileach. D'fhoghlaim John a cheird ó Niall Ó Siadhail, mac le Niall an Táilliúir Rua as Fánaid, fear a bhí ar dhuine den triúr a bhí ainmnithe i ndúnmharú an Tiarna Liatroma. Chuaigh Donchadh a chónaí i dteach John, rud ba ghnách le fear a dhéanamh ag an am má bhí shúil aige an cheird a fhoghlaim. Chomh maith le bheith ag foghlaim a cheirde bhíodh air a bheith amuigh ag obair ar an fheirm, ag tabhairt lámh chuidithe le cibé a bhítí a dhéanamh.

***A Shaol mar Thailliúir.***


D'fhan Donchadh os cionn leathscór bliain ag obair le John sular thosaigh sé ag obair leis fhéin ar ais in Ailt a' Chaorthainn. Chaith sé cúpla bliain ansin sular pósadh é ar Mháire Ní Ghallachóir (Máire Thuathail) as Baile Láir sa bhliain 1933. Chuir siad fúthu sna Dúnaibh i dteach a cheannaigh siad ó mhuintir Duthie. Siopa gill (pawnshop) a bhí ann roimhe sin agus fear darbh ainm Tim Mac Eiteagáin a bhí ann. Thóg Donchadh agus Máire a gclann sa teach sin, seisear mac agus iníon amháin, Antain, John, Paidí agus Éamonn atá ina gcónaí i gCeann na Leargaidh, Den atá ina chónaí in Ailt a' Chaorthainn, Donchadh atá sa teach sin sna Dúnaibh ar tógadh an chlann ann agus Máire atá pósta i mBealach Féich. Ba í Máire an babaí a bhí luaite i scéal Mháire Bhoyde, an chnáimhseach, a bhí in eagrán 16 den iris seo. Bhí Máire Bhoyde ag súil go mbeadh an seachtú mac ag Máire Thuathail.



*Donchadh a'Táilliúir*

Bhí triúr táilliúir san Íochtar fán am sin, John Dhonchaidh Mhícheáil, atá luaite cheana féin, Mícheál Mac Giolla Bhríde (Michael Hughie), garmhac le Micí Mór, agus Donchadh é féin, agus beirt san Uachtar, Den Pheter Fenny i gCarraig Airt agus Mícheál Ó Gallachóir i gCarraig, agus iad uilig gnóthach ó cheann ceann na bliana. Bhíodh Donchadh ag obair ó naoi a chlog ar maidin go dtí naoi sa tráthnóna achan lá. Ba é An Domhnach an lá ba ghnóthaí sa tseachtain, nuair a thagadh daoine anall as na Tuatha agus as Fánaid. Bhí dúil ag muintir Fhánada sna brístí leathan, 30 orlach nó mar sin, agus sna seaicéid leis na pléataí ina gcúl. Bhí cuid mhór oibre ann ag déanamh na bpléataí sin. Bhí dhá inneall fuála aige agus iarann mór trom a chuireadh sé isteach sa tine le é a théamh agus umar uisce taobh amuigh den doras chun an t-éadach smúdála (mála plúir foscailte amach) a fhliuchadh.

*Máire Thuathail*





*Tithe John, Phaidí agus Éamonn a'Táilliúir*



*Teach Antain a'Táilliúir*

Cheannaíodh Donchadh an t-éadach do na cultacha ó "Magee" i nDún na nGall nó ó "Foxton" i mBaile Átha Cliath. Chuireadh sé isteach ordú ar an méid éadaigh a dhéanfadh b'fhéidir trí chulaith ag an am. Thagadh trí nó ceithre leabhar samplaí isteach achan bhliain agus théadh Donnchadh fríofa uilig. Sampla ar bith nach mbeadh sé sásta leis chaitheadh sé é ar shiúl sula bhfeicfeadh na custaiméirí é. Déarfadh sé i gcónaí nárbh fhiú am a chaitheamh ag déanamh culaithe mura raibh éadach den chéad scoith agat. Gheobhadh sé irisí ó "Tailor & Cutter" i Londain ina mbíodh altanna agus pictiúir de na faisin agus dhéanadh Donnchadh a phatrúin féin amach ó threoracha a bhíodh sna leabhair seo. Bhí táilliúir as Toraigh, a d'fhoghlaim a cheird in Acadamh "Tailor & Cutter", ag obair le Mícheal Mac Giolla Bhríde am amháin agus ba mhinic an tráthnóna a chaith sé le Donchadh ag plé na ceardaíochta.

Thagadh taistealaí áirithe thart achan bhliain ag cuartú ordaithe. Roimh thús an chogaidh tháinig duine acu ó "Magee" a raibh aithne mhaith ag Donchadh air agus chomhairligh sé dó éadach sa bhreis a cheannacht mar go n-éireodh sé daor agus gann. Ghlac Donchadh lena chomhairle agus cheannaigh sé, is dócha, an

méid éadaigh a bhí d'acmhainn aige agus chuidigh sin go mór leis i rith an chogaidh. Bhí cúpóin de dhith ort le culaith a fháil sna blianta sin, agus bhí na cúpóin de dhith ar an táilliúir leis an éadach a cheannacht.

Bhí daoine éagsúla ag obair le Donchadh le linn na mblianta; a mhac Den, a lean ar aghaidh leis an táilliúireacht ina dhiaidh, a dheartháir Jimí, a chaith cúpla bliain ag obair leis, a mhac Donchadh a chuidíodh leis i ndiaidh am scoile nuair a ba ghnách leis gúshnáithe a chur i muinchillí na seaicéid, agus a bhean chéile Máire i féin a chuidíodh leis an fhuáil nuair a bhíodh sé gnóthach.

***Na Custaiméirí.***

I measc na ngnáthchustaiméirí a bhí aige bhí an máinlia Mac Fhionnghaile, an tAthair Mac Eiteagáin agus na tiománaithe bus, Johnny Birney, Jim Carr, Phil Mac Giolla Bhríde agus Rogie Mac Suibhne. Cheannaíodh a bhfostóir, "Swilly", an t-éadach agus dhéanadh Donchadh na cultacha, agus bhí an scéal mar an gcéanna leis na gardaí áitiúla. Fear eile a bhí ina ghnáthchustaiméir ná Paidí Shíle. Bhí sé ráite i gcónaí go raibh a fhios ag táilliúir nuair a dhéanfadh sé an chulaith dheireanach do dhuine inteacht ach níor labhair Donchadh mórán fá dtaobh de seo go dtí lá amháin nuair a chuaigh Paidí Shíle amach an doras i ndiaidh péire brístí úra a fháil déanta. Léim Donnchadh anuas den tábla (sin an áit a shuíodh táilliúir nuair a bhíodh sé ag cur na muinchillí i seaicéad agus tharraingeodh siad na muinchillí isteach ar a nglúine) agus dúirt sé le Máire, "Sin na brístí deireanach a dhéanfaidh mé do Phaidí". Nuair a fuair Paidí bás trí mhí ina dhiaidh sin d'fhiafraigh Máire de cad é mar a bhí a fhios aige. "Bhuel" a dúirt Donchadh, "Ag an am chéanna achan bhliain ó thosaigh mise ag obair sna Dúnaibh tháinig Paidí le péire brístí úra bréidín a fháil déanta, agus achan bhliain deireadh sé liom, ag magadh, gurbh iad na brístí deireanach a gheobhadh sé. An t-am seo níor dhúirt sé a dhath. Ghlac mise leis mar chomhartha".

***Teach úr i gCeann na Leargaidh.***

Cheannaigh Donchadh píosa talaimh i gCeann na Leargaidh agus thóg sé teach úr ann. Bhog an teaghlach isteach sa bhliain 1956. Ní raibh mórán tithe i gCeann na Leargaidh faoin am sin agus mar a dúirt Donchadh é féin, "Dá mbeadh madadh crosta i do dhiaidh cha raibh fiú bollán a dtiocfadh leat dul i bhfolach ar a chúl". Lean sé ar aghaidh ag an táilliúireacht ar feadh 10 mbliana eile nó mar sin, go dtí go raibh a shláinte ag meath. Fuair Donchadh bás sa bhliain 1980 agus fuair a bhean chéile, Máire bás ag Nollaig na bliana 2001. Ar dheis lámh Dé go raibh a n-anamacha dílse.

**Clann Mhic Gairbheith.**

Ba sa chéad chottage i gCeann na Leargaidh a bhí cónaí ar chlann Mhic Gairbheith lá den tsaol. Ba é Pádraig Mac Giolla Bhríde (Pádraig Eoin Chonchúr) agus a bhean Máire Rua a bhí sa teach seo sul a deachaigh Clann Mhic Gairbheith isteach ann. Mar atá ráite, gabha a bhí in Aindí Mac Gairbheith nó Aindí 'n Ghabh' mar ab fhearr aithne air. Bhí a cheárta anseo in aice lena chottage. i ndiaidh do Aindí agus dona mhac Willie bás a fháil díoladh an teach le teaghlach de na Young's as Doire. Is le Joe Bradley an Cottage seo anois agus rinne sé athchóiriú mór air nuair a cheannaigh sé é. Ní chreidfeá a choíche gur cottage de chuid na Comhairle Contae a bhí ann. Ach nach deas an rud é go bhfuil an fhoirgneamh ina raibh an ceárta ansin go fóill ach ar an drochuair ní mórán de chuma an tseancheárta atá air taobh istigh.



*Donnchadh i gCeann na Leargaidh*

Ní raibh ach dhá cheárta sa pharóiste fá lár na gcaogaidí, ceann i nDuibhlinn Mór ag Davy John Graham agus an ceann seo i gCeann na Leargaidh.

***Cúlra Teaghlaigh.***



Ba as Fánaid a tháinig Aindí Mac Gairbheith agus shíolraigh sé ó dhaoine a raibh an cheird seo go smior iontu. Ní fios cén uair a chur siad futhú i bhFánaid ar dtús ach síltear gur ó Rath

Mealtáine a tháinig siad. Bhí ainm Aindí agus a



Aindí Mac Gairbheith

dheartháir Johnny ar leabhar rolla Scoil Dhroim Fhada (tá an scoil seo agus an baile fearainn sin ar an bhealach idir an Cheathrú Chaol agus Port A' tSalainn) fán bhliain 1900 ach ní raibh iomrá ar bith ar a dheartháir Davy ná James. Ní Aindí an t-aon duine den chlann a bhí ina ghabha, bhí a dheartháir Davy ina ghabha i gCarn, baile fearainn atá in aice le Droim Fhada, agus bhí deartháir eile leis Johnny ina ghabha i nDún Fionnachaidh. Nuair a tháinig Aindí Mac Gairbheith go Ros Goill an chéad lá riamh am éigin sna tríochaidí ba ar an Mhachaire Bhig a chur sé faoi agus ba ansin a bhí a cheárta aige, in aice na háite a bhfuil cuid boithigh Ghordon Mhic Giolla Choinnigh anois, sin ar chúl theach Ernie Bob. Ní raibh sé anseo ach cúpla bliain go dtí gur aistrigh sé go dtí an Mhuirleog agus bhí a cheárta agus cónaí air ansin san áit a bhfuil a theach úr tógtha ag Trevor Wilson anois, sin mac John agus Eileen a bhfuil cónaí orthu ar an Mhachaire Bhig. Bhí seanbhallóg an tí seo ansin ar feadh blianta fada. Ach i ndiaidh tamaill a chaitheamh anseo d'aistrigh sé don uair dheireanach agus ba sin soir go Ceann na Leargaidh. Bhí Aindí pósta ar Chití Moore as Achadh Leataoibh agus seisear clainne a bhí acu: Willie, Aindí, Davey, Charlie, Letitia agus Cissie. Ní raibh mórán daoine sa pharóiste nach raibh aithne acu ar an fhear ba sine, Willie, mar gur eisean a thug leis ceird a athar agus d'oibrigh sé féin agus a athair i gcuideachta a chéile sa cheárta.

***Crois Throm.***

Fuair an chéad duine de na girseachaí, Letitia, bás den eitinn (T.B) nuair a bhí cónaí orthu ar an Mhuirleog agus bhí tubaiste ní ba mheasa le theacht mar ní raibh siad i bhfad i gCeann na Leargaidh nuair a sciob an galar céanna uathu in achar ghoirid Charlie, Cissie agus Davy. Nuair a bhí Charlie ar leaba 'n bháis tháinig Cissie, nach raibh mórán le naoi mbliana déag, 'na bhaile i ndiaidh lá oibre a dhéanamh in Óstlann Ros na Binne; d'imigh sí suas 'na staighre a luí agus ar a bealach suas di sheas sí agus d'amharc sí thart ar an chistin. Ba sin an amharc deireanach a fuair sí ar an chistin. Fuair sí bás ar an 17ú lá de mhí Iúil 1940 cúpla lá i ndiaidh dóibh Charlie a chur. Ní raibh sé i bhfad ina dhiaidh sin go bhfuair Davy bás fosta. Rinneadh scrios ceart ar an chlann taobh istigh de roinnt blianta agus amach as seisear clainne ní raibh fágtha anois ach beirt mhac Willie agus Aindí Óg. Ba chrois throm a fágadh acu le hiompar agus ba bhuille tubaisteach a bhí anseo don teaghlach mar gur dhaoine iontach meidhreach croíúil a bhí iontu, daoine ar ghnách leo damhsaí a bheith acu ina dteach. Ba dhuine suaimhneach macánta a bhí in seanAindí nár chuir isteach ná amach ar aon duine ariamh agus maidir lena bhean dó ba bhean iontach modhúil ar fad a bhí inti.

Níor phós Willie ariamh ach bhí Aindí óg pósta istigh i mBéal Feirste agus bhí triúr clainne aige ar ghnách cuairt a thabhairt ar



*Sa phictiúr seo ina sheasamh ó chúl tá seanAindí Mac Gairbheith agus ina shuí tá a bhean Cití, agus clann Aindí Óg ina gcuideachta - Ardan, Gilbert agus Alma.*

Cheann na Leargaidh go rialta - Gilbert, Ardan, agus Alma. Is deas an rud é go dtagann siad thart ar cuairt ar an cheantar seo go fóill agus sílim go bhfuil díomá orthu anois gur díoladh an sean-teach.

***An Obair sa Cheárta.***

D'obair seanAindí agus Willie go dícheallach sa cheárta, go minic ó bhreacadh an lae go luí gréine. Bhí éagsúlacht mhór ag baint lena gcuid



*Charlie Mac Gairbheith*

oibre ach níl amhras ar bith nach raibh a dhath níos iontaí do shúile na n-óg ná an turas diamhair a dhéanadh an píosa iarainn sin a chuirtí isteach sa tine go dtí go siúlfadh sé amach doras an cheárta ar chrúba an bheithígh, ba seo turas a



*An dara bean ó dheis - Cissie Ní Ghairbheith.*

bhí lán oilteachta agus cruthaíochta. Ba áit a bhí sa cheárta a bhí lán draíochta agus iontais don óige agus bhí boladh agus fuaimeanna ar leith a bhain leis. Bhí an boladh a tháinig ón tine ghuail, ó analú na mbeithíoch, ón iarann te ar an inneoin, ón ghaluisce a d'éirigh ón umar uisce i ndiaidh iarann te a chaitheamh isteach ann, an boladh láidir a tháinig ó chrúb dóite an bheithígh nuair a leagtaí crú dearg te air, agus cad é fá bhrimneach na mbeithíoch! Agus maidir le fuaimeanna de, bhain an dá ghabha agus iad ag bualadh le chéile ceol as an inneoin le casúr agus ord mór. Ba iontach an rithim a bhíodh leis an bhualadh nuair a bhíodh an bheirt acu ag bualadh le chéile, ord mór ag fear acu agus an casúr ag an fhear eile. Agus nuair a bhuaileadh siad ar iarann dearg te a bhí i ndiaidh a theacht amach as an tine théadh cith drithleoga a léimnigh agus a dhamhsa in achan treo. Dar ndóigh ní raibh páiste fán áit nach dearn seal ag tarraingt ar an mhaide a tharraing aer as na boilg leis an tine a choinneáil lasta. Théadh cuid de na beithígh óga, nach raibh crúite orthu cheana, ar bhfiáin ar fad agus crú te a gcur ar a gcrúba don chéad uair. Lena gcur faoi smacht dhéantaí píosa de rópa a theannadh thart ar shrón an bheithígh. Nuair a bhíodh beathach ag éirigh ar na cosa deiridh istigh sa cheárta bhíodh ár gcroíthe 'inne amuigh le heagla agus rachadh muid i bhfolach thiar faoi na boilg go dtí go socródh rudaí.

Ba lá mór sa cheárta an lá a mbeifí ag déanamh fonsaí do rothaí cairte. Dhéantaí seo sa tSamhradh ar lá a bheadh breá tirim mar go gcaití tine a lasadh amuigh faoin aer. Bhí áit ar leith acu ar an ard taobh thuas den cheárta le seo a dhéanamh. Bhí log gearrtha sa talamh ar chruth an rotha agus ba ghnách an fonsa a chur isteach ann agus chuirtí tine mhóna ansin thart rith an bhealaigh ar an fhonsa go dtí go mbíodh an fonsa dearg te. 'Sé an fáth go mbíodh lúcháir ar an aos óg ar an lá áirithe seo ná gur ghnách leo prátaí a róstadh istigh sa tine a bhíodh thart ar an fhonsa. Thógtaí amach na prátaí as an tine seo agus leoga bhíodh an craiceann acu dubh dóite ach ar dhóigh éigin bhíodh blas deas ar na prátaí seo i gcónaí. Nuair a amharcaim ar ais tchím an fhoighid agus an dea-chroí a bhí in Willie agus in Aindí a chur suas linne ag léimnigh thart fán tine leath ar mire; bhíodh maidí briste móra ceártan á n-úsáid acusan agus bhíodh orthu an fonsa dearg te a thógáil amach as an tine go cúramach. D'imíodh siad leo ansin síos an tsráid chomh tiubh géar is thiocfadh leo le é a chur ar roth cairte a bhíodh ina luí ar an tsráid. Dhéanfaí seo uilig faoi dheifir mar dá bhfuaródh an fonsa barraíocht chaithfí é a chur ar ais sa tine. Ní mórán amhail a bhí againne ar fhir a bhíodh ina suí ansin ar feadh an lae ag

feitheamh go gcuirfí fonsa ar a gcairteacha. Cé go raibh gabha in uachtar na paróiste, tharraing scaifte mór de bhunadh an uachtair ar cheárta Mhic Gairbheith rud a thaispeáin go raibh meas mór orthu.

Bhí eallach acu fosta dár ndóigh agus d'obair siad go dícheallach ar an fheirm. Ba Willie ba mhó a rinne an obair feirme mar go raibh Aindí ag dul suas i mbliantaí. Bhíodh meitheal aige go minic le lámh chuidithe a thabhairt dó nuair a bhíodh an barr le sábháil.

***Athrú Saoil.***

D'athraigh an saol do Aindí agus do Willie i ndiaidh do Chití bás a fháil i 1962. Bhí ar Aindí níos mó ama a chaitheamh fán chistin anois mar go raibh dualgais chócaireachta air. Ach bhí saol an cheárta ag athrú fosta, ní raibh siad comh gnóthach anois agus ba ghnách leo a bheith mar go raibh tús a chur le ré nua-aimseartha, áit a raibh na tarracóirí níos cumhachtaí ná na beithígh.

Rinne seanAindí na freagrachtaí a bhíodh air fán chistin a chomhlíonadh go maith agus rinne sé cinnte go raibh a gcuid béilí acu go rialta ag amanna ar leith. Ba mhinic fosta a thug siad a ndinnéar do dhaoine a mbíodh tamall fada caite acu fán cheárta ag feitheamh ar cibé a bhíodh siad a fháil déanta. i dtrátha a ceathair a chlog tráthnóna fosta, ba chuma cad é chomh gnóthach agus a bhíodh siad bhíodh tae beag acu. Níl mé cinnte c'acu an tae an rud a ba thábhachtaí ná an clár raidió a ba ghnách a bheith air i dtrátha an ama seo- ' The Archers'. Ar aon nós thart fán am seo d'imeodh Aindí isteach 'na tí agus in achar ghoirid bhíodh sé amuigh arís ag tóin an tí agus scairteadh sé amach 'Willie, it's on'. Chaitheadh Willie achan rud uaidh láithreach, ní dhéanfadh sé difear ar bith cad é chomh gnóthach agus a bhíodh siad chaithfí éisteacht leis na Archers. Bhíodh siad ag ól an té agus ag éisteacht agus corr gháire uathu thall agus abhus. Ansin ar an Domhnach chaitheadh siad páirt mhaith den lá ag glanadh an tí: ag scuabadh, ag ní agus ag cur snas ar rudaí.

***Deireadh Ré.***

Fágadh Willie ar a chuid féin i Mi Eanáir 1970 nuair a fuair Aindí bás agus é os cionn na ceithre scór. Ach fán am seo bhí ré an ghabha mar a bhí sé leis na cianta ag dul as aithne. Mar a dúirt mé bhí meas níos mó ar tharracóirí anois ná mar a bhí ar na beithigh agus ní raibh mórán feidhm le crúite a thuilleadh. Chaith Willie tréimhse ghoirid ag fáil oiliúint ar tháthaire (welder) ach le bheith fírinneach cha deachaigh sé i dtaithí go rómhaith air ariamh agus is breá maith a bhí a fhios aige fhéin sin. Ach sin agus eile ní róshásta a bhíodh sé nuair a dhéantaí a chuid obair tháthaireachta a cháineadh agus go minic deireadh daoine rudaí mar ábhar magaidh le é a chur ag caint.

Ag deireadh a shaoil chuaigh sé i muinín an ólacháin níos mó agus níos mó. Fuair an t-ólachán greim air agus, mar is dual don ólachán, d'fhág sé é in isle brí. Cé go bhfaca an saol Willie agus aoibh lách shuáilceach air bunús an ama sílim go raibh brón agus uaigneas ina chroí agus go raibh seo a chiapadh sna bliantaí deireanacha agus gur tháinig na heachtraí croíbhriste a bhain dena theaghlach na blianta roimhe sin ar ais lena chrá.

Fuarthas Willie marbh sa leaba ar an 6ú lá d'Eanáir 1976. Fuair sé bás go huaigneach leis féin ach má tá an saol eile ann tá mé cinnte go bhfuil Dia ag amharc ina dhiaidh go maith mar go raibh sé lách, garach, dea-chroíoch, múinte,



*Willie Mac Gairbheith*

lán grinn, agus maith do pháistí.

*Curtha le chéile ag Aodh Mac Laifeartaigh agus Sorcha Uí Ghallachóir.*

Tá muid buíoch d' Éamonn Mac Giolla Bhríde, Annie Rooney, Violet Uí Ghallachóir, John Mac

Giolla Bhríde, Gilbert Mac Gairbheith, Maggie Wilson agus Bert Mac Gairbheith a thug eolas agus pictiúir dúinn.

Willie Mac Gairbheith.



Seo eagrán na Nollag de Ghuth Ghoill agus tá súil againn go mbainfidh sibh sásamh as. Tá muid i gcónaí sásta labhairt le duine ar bith a bhfuil idéanna ar bith aige/aici faoi dhóigh ar bith a dtiocfaí feabhas a chur air. Thig glaoch a chur ar 074-9154830. Tá muid an-bhuíoch do na daoine sin a scríobhann píosaí dúinn go rialta nó ó am go chéile agus ba mhaith linn dá gcuirfeadh na daoine sin barr maith ar na pinn luaidhe mar go mbeidh muid ag lorg píosaí úra uathu sa bhliain úr.

Mar a tá a fhios agaibh bhí Guth Ghoill le fháil áit ar bith sa domhan ar chostas 20 Euro ach de thairbhe costais bhreise tá orainn an táille seo a ardú go dtí €25. Tá an líon síntiúsóirí atá ag baint úsáide as an ais seo ag méadú achan bhliain. Fágfaidh sé gnóthaí níos fusa dúinne nuair a íoctar an táille seo ag tús na bliana.

Ba mhaith le Coiste Céim Aniar Beannachtaí na Nollag a ghuí libh agus tá súil againn go mbeidh rath agus ádh oraibh fhéin agus bhur mbunadh don bhliain úr.

# Caife na Sráide.




I gceartlár shráidbhaile Charraig Airt atá "Caife na Sráide".

Bhí mé ag tiomáint go mall fadálach i gCarraig Airt ag cuardach áit páirceála nuair a chonaic mé bean ag tabhairt comhartha go raibh sí ag tarraingt amach. Bhí lúcháir orm mar is doiligh áit páirceála a fháil sa tsráid bheag sin. Ar theacht amach as mó charr domh, chóir a bheith gur baineadh an t-amharc as mo shúile nuair a chonaic mé, fríd fhuinneoga móra lonracha, an taobh istigh d'fhoirgneamh álainn agus daoine ina suí thart ag ithe agus ag ól. Shíl mé ar feadh bomaite gur i Nua Eabhrac, nó i bParis a bhí mé. D'amharc mé suas agus chonaic mé "Caife na Sráide". Bhuel, bhuel, cha raibh sé i bhfad go raibh mise i mo shuí istigh fosta ar cheann de na cathaoireacha dubha compordacha, ag tábla deas darach.

Chuala mé fear ag tábla eile agus é ar an fón póca ag rá, "Buail liom i gCaife na Sráide". Anois, i mbéarla a bhí sé ag caint, agus bhí mé ag gáire liom féin fán dóigh a dúirt sé é. Cibé, rinne mise amhlaidh. Ghlaoigh mé ar mo chara agus d'iarr mé uirthi bualadh liom i gCaife na Sráide. "Cá bhfuil sin?", ar sise. Bhuel, nuair a tháinig sí bhí iontas an tsaoil uirthi fán áit álainn seo, agus mo dhalta fhéin fosta bhí sí lag leis an ocras. Tháinig Carmel chugainn le biachlár ach ní raibh feidhm ar bith leis. Bhí teaghlach ag ithe dinnéir nó lóin ag tábla eile agus bhí an boladh ag baint an croí asainn agus d'ordaigh muid an rud céanna.

Fhad is a bhí muid ag feitheamh leis an bhéile, shiúl muid thart ag amharc ar na pictiúir agus na teastais atá crochta ar na ballaí. Tá seanghrianghraif ann, pictiúir a pheinteáil muintir na háite, agus teastais a fuair Carmel ó "Fetac" agus "Fáilte Ireland". Tháinig an freastalaí, Mary Ellen Fleming, leis an bhéile.


Mary Ellen Fleming

Bhí Mary Ellen ar shiúl i Sasana le daichead bliain go dtí dhá bhliain ó shin, agus tá sí anseo anois chomh cairdiúil pléisiúrtha is a thiocfadh le duine a bheith. Caithfidh mé a rá nár ith mé ariamh rud chomh blasta. Mionfheoil, mar nar ith tú ariamh é, prátaí, meacain, píseanna agus anlann. Anois d'fhéadfá a rá go bhfaighfeá sin áit ar bith, ach leoga cha ngeofá. Bhí sé ar bhéile chomh deas is a d'ith mé ariamh. Ach cad chuige nach mbeadh? Tá feoil san fhuil (agus fuil san fheoil) ag Seán Mac Laifeartaigh, an fear gur leis an caife. Garmhac do Joe Mac Laifeartaigh, nó mar ab fhearr aithne air "Joe Phaidí Ruaidhrí". Os cuimhne leis an duine is sine


John Mac Laifeartaigh agus a athair Joe Phaidí Ruaidhrí

sa pharóiste seo, bhí Joe Phaidí Ruaidhrí ag cur feoil ar fáil. Bhí siopa búistéara i gCarraig Airt aige, áit a bhfuil siopa búistéara anois ag

Manus Mac Pháidín. Ach ní hé amháin sin, bhí veain aige ag gabháil thart fríd an Íochtar agus an Uachtar gach deire seachtaine ag díol feola. Thagadh sé lá i lár na seachtaine chomh maith ach cha dtiocfadh sé thar na Dúnaibh an lá sin mar gur scadáin uilig a d'ith muintir an Íochtair ach amháin Dé Domhnaigh (bhuel ar an taobh thiar cibé). Tá an diabhal ionam le scéal goirid a dhéanamh fada, ach tógfaidh mé m'intinn ar ais chuig an caife agus an béile. Chan go raibh ocras orainn i ndiaidh an phríomhchúrsa ach cha dtiocfadh linn diúltú don uachtar reoite. Uachtar Reoite "Maud", nach bhfuil ar fáil i mórán áiteanna. Ansin fuair muid caife lodálach atá ar fáil dóigh ar bith is mian leat; dubh bán srl. Agus nuair atá do chupán folamh líonann siad suas arís é.

Bhí Seán agus a bhean iontach gnóthach, ach sa deireadh tháinig siad chun cainte linn. D'oscail siad an caife ar an 28ú lá de mhí Lúnasa. Bhí siopa anseo ag máthair agus athair Sheáin, Eleanor agus John Mac Laifeartaigh, ach faraor, tá siad beirt ar shlí na



Eleanor agus Nóra a deirfiúr.

fírinne. Go ndéanfaidh Dia 'Mhaith orthu.

Tá an caife mór, oscailte, agus simplí, le hadhmad, leathair agus cruach dhosmálta (stainless steel). Tá cistin mhór oscailte ann, agus Seán le feiceáil go díograsach ag cócaireacht. Tá urlár, táblaí agus cathaoireacha adhmaid a bhfuil suíocháin leathair dhubha orthu agus iad iontach compordach. Tá dath buí agus terracotta ar na ballaí, dathanna deasa simplí teo. Tá gach rud glan, lonrach agus go deimhin, thiocfadh leat do chuid a ithe ón urlár. Tá biachlár fairsing agus liosta fíona breá, sin rogha gach bidh agus sean gach digh, agus caidé eile a bheadh de dhith ort. Insíodh domh go dtéann lear daoine ann fá choinne a mbricfeasta agus tá sé foscailte ón 10.00 r.n. go dtí a 8.00 i.n.




Carmel agus Seán Mac Laifeartaigh.

Caithfidh mé a rá gur bhain mé sult mór as mo chuairt chuig "Caife na Sráide". Casadh cúpla duine de mo chairde orm, cuireadh fáilte mhaith romham, baineadh an t-ocras agus an tart díom agus go cinnte beidh mé ar ais go mion agus go minic le cuidiú Dé.

Guímid rath agus beannacht ar Sheán agus ar Charmel sa chaife álainn seo, "Caife na Sráide".

**Ar oíche an dhótháin mhóir ith do sháith.**



# Teach Phaidí Óig.



Is é seo ceann de na tithe a bhfuil mé ag amharc síos air le fada an lae, suite i mbaile fearainn Ghleann Uraí, ag amharc amach ar an Atlantach. Seo teach a bhfuil cuid mhór scéalta ag baint leis, mar a d'inis "Scéalaí an Táilliúra" san eagrán deireanach den iris seo. Níl cuimhne agam féin ar dhuine ar bith a bheith ina chónaí sa teach sin agus mé ag éirigh aníos ach insíodh go leor domh fá dtaobh de.



Cheannaigh fear as an Ostair an teach seo agus teach na nDochartach ag deireadh na n-ochtóidí. Dúirt sé liom lá amháin gur mhaith leis an



seanteach a chóiriú mar a bhí sé sna blianta a chuaigh thart agus d'fhiafraigh sé domh an



mbeadh suim agam an obair a dhéanamh.
Leis an fhírinne a rá cha raibh a fhios agam cá háit le tosú. Tá cuimhne mhaith agam ar an chéad lá a thosaigh mé fhéin agus Gearóid Mac Giolla Bhríde (Gerard Steafáin) ar an obair, go ndéana Dia trócaire ar a anam. D'fhiafraigh sé díom an raibh mé i gceart sa cheann ag tabhairt iarraidh ar an teach seo a chóiriú, mar ní raibh fágtha ach ballóga agus bhí na driseoga agus an cúl faiche chomh hard leis na ballaí.



Mar sin féin luigh muid isteach ar an obair agus



de réir mar a bhí muid ag dul ar aghaidh bhí muid ag cluinstin scéalta úra achan lá faoin teach seo.

Scéal amháin a d'inis Frances King dúinn ná scéal faoi rud a tharla dí fhéin nuair a bhí sí ina cailín óg. Nuair a fuair an duine deireanach i dteach Phaidí Óig bás, tógadh suas an simléar í le hamharc an raibh bosca an airgid i bhfolach thuas ann, ach ní raibh sé le feiceáil. Dúirt sí liom go bhfuarthas an bosca tamall ina dhiaidh sin faoi leac na tine.





De réir a chéile chríochnaigh muid an obair i ndiaidh deacrachtaí móra, agus thig liom a rá go n-amharcann sé go maith. Tá áthas mór orm go mbeidh an teach seo coinnithe mar atá sé ar feadh na blianta fada.

*Seán Mac Giolla Bhríde.*

* * * *

Tháinig Daidí na Nollag ar roinnt cuairteanna le goirid agus seo é ag tabhairt amach bronntanas do pháistí Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne agus do pháistí Club Tír na nÓg.









*Naíonáin Bheaga Scoil Dhuibhlinn Riabhach*



*Naíonáin Bheaga Scoil na nDúnaibh*



# *Seoladh Leabhar Jack.*



*Bhí mé 'mo shuí i gColáiste Ros Goill oíche Aoine an 26ú Deireadh Fómhair. Bhí cúigear nó seisear againn a bhí sa rang céanna ar scoil Dhoire a' Chasáin ag taobh a chéile. Bhí callán creathnach ann agus is é mo bharúil nar thug aon duine an callán sin faoi deara mar go raibh aoibh iontach mhaith ar achan duine, agus iad ag caint in ard a nglór.*

*D'fhéadfadh strainséir ag an doras, nach mbeadh a fhios aige caidé a bhí ag gabháil ar aghaidh, sílstean gur rang tachráin, a d'fhág an máistir ar a gcomhairle féin a bhí ionainn, agus ar dhóigh, sin mar a bhí.*



Bridie Uí Dhochartaigh, Peigí Ryder agus Máire Boden

*Bhí daoine ann nar chas ar a chéile le blianta agus bhí craic agus bantar tréan glórach eatarthu. Bhí rogha mhaith bidh agus dí ar fáil ag tábla mór in aice an dorais, áit a raibh slua cruinnithe nach raibh amhail ar bith acu ar Hughie Fina bocht, a bhí thuas ar an ardán ag iarraidh eagair a chuir ar an dream agus iad a chur ina suí.*

*Cibé, d'eirigh leis sa deireadh agus nuair a bhí muid uilig suite go modhúil, múinte, chuir Hughie An tOllamh Nollaig Mac Congáil, as Ollscoil na Gaillimhe, agus Cathal Ó Diolúin, Rúnaí Chomhaltas Uladh in aithne dúinn, agus thug sé cuireadh dóibh labhairt linn. Rinne siadsan trácht ar an obair dhícheallach a rinne Jack ar son na Gaeilge, agus an bhaint a bhí aige le bunú Choláiste Gaeilge i Ros Goill.*



An tOllamh Nollaig Mac Congáil


*I ndiaidh sin labhair Seán Mac Giolla Chearra go líofa, díograiseach, deisbhéalach, mar a rinne a mhuintir roimhe. Chuir a chuid scéalta áthas mór*

*ar an lucht éisteachta agus b'éigean dó stad go minic agus iad ag bualadh bos agus ag scairteadh in ard a gcinn.*

*Ba é Ciarán Mac Pháidín, mac an mháistir, a chur deireadh leis na hóráidí. Eisean a chuir na scéalta a scríobh a athair i gcló agus bhí an buíochas a bhí tuillte aige le feiceáil nuair a sheas sé suas. Thosaigh an callán agus an bualadh bos arís. D'inis sé scéalta greannmhara agus thug sé buíochas do na daoine a chuidigh leis, agus shuigh muid le lúcháir ag éisteacht fhad is a labhair sé go cineálta ar an tseanmhuintir atá ar shlí na fírinne. Bhronn Ciaran leabhar ar an easpag Pilib Ó Buaidhe, mar gurbh i scoil Dhoire a'Chasáin a hoileadh eisean fosta, faoi shúil choimhéadach Jack.*



Ciarán Mac Pháidín



Seán Mac Giolla Chearra agus an tEaspag Pilib Ó Buaidhe

*Tugadh cóipeanna do dhaoine mar bhronntanais siocar an chuidiú agus an tacaíocht a thug siad chun foilsiú an leabhair a thabhairt chun críche. Thug seo deis eile don lucht éisteachta a mórmheas a chur in iúl agus chomh maith le leabhar, fuair siad bualadh bos callánach cairdiúil. I ndeire na dála cuireadh an leabhar ar díol.*



Bronnadh an leabhair ar Hugo, dearthair Jack.

*Leis an leabhar deas úr i mo lámh, agus boladh an pháipéir agus an dúigh úir, chuir sé scoil Dhoire a'Chasáin i mo cheann. Ba ghnách le Jack ócáid mhór a dhéanamh de thabhairt amach na leabhar úr. Bhíodh áthas an domhain orainn na leabhair a fháil agus chothaigh an máistir ionainn fiosracht, grá agus meas ar an eolas.*



Seán Mac Giolla Chearra agus Caitlín Mhic Pháidín.



Thosaigh léar daoine ag léamh an leabhair chomh tiubh géar is a fuair siad é, ach ní sin a rinne mise. D'fhan mé go raibh mé sa bhaile. Las mé an tine, rinne mé tae agus shuigh mé cois na tine. Bhí sé leathuair i ndiaidh an mheán oíche. D'fhoscail mé an leabhar. "I ndeisceart Ros Goill faoi Loch 's Alt, i mbaile fearainn a dtugann siad Gleann Iartharach air, a rugadh Antain Mac Eiteagáin , nó mar ab fhearr aithne air, Antain Rua....." Bhuel, chuaigh mé a luí i ndiaidh a trí ar maidin. Bhí cuid mhaith den leabhar léite agam. Bhí cumha orm (cha raibh mé san Íochtar), bhí crá croí orm ag smaoineamh ar na timpistí farraige, ach go mór-mhór bhí mé buartha ag cuimhneamh ar na daoine a d'inis na scéalta seo dúinn sa tsean-am. Muidne na seandaoine anois. Is mór an gaisce a rinne Jack an oidhreacht seo a fhágáil againn.

Bhí mé ag caint le cuid de mo chomrádaithe lá arna mhárach. Cosúil liom fhéin, bhí an leabhar léite acu agus bhí muid ag caint go fonnmhar fá na scéalta – Jack ag athbheochan iontas an eolais ionainn arís.

Cuid eile de mo chairde, chaith siad an oíche ag ceol, ag ól, agus an-chraic acu (níl a fhios agam c'áit!). Cha deachaigh siad 'na bhaile go raibh an mhaidin gheal ann, agus leoga bheinn leo ach gurbh é go raibh droch shlaghdán orm.

Tá lúcháir agus bród orainn fá Leabhar Jack agus caithfidh muid a bheith fíorbhuíoch do Chiarán agus d'achan duine eile a bhí páirteach a chur le chéile.

Tá súil agam go mbeidh mé ábalta arís, le linn mo bheatha, cur síos a dhéanamh ar leabhar eile. Tá tréan scríobhnóirí san Iochtar. Tógaigí bhur bpinn nó suígí síos ag bhur ríomhairí agus tosaigí. Bhearfaidh mé an chead abairt daoibh. Seo é:

I ndeisceart Ros Goill, faoi Chnoc na hÁiteannaigh, i mbaile fearainn a dtugann siad Doire a'Chasáin Beag no Ard na dTrioplóige air, a tógadh Jack Mac Pháidín, nó mar ab fhearr aithne air, "Jack beag" "An Máistir" nó "É féin"

*Finola Harte.*

# Garda Cósta na Maoile Ruaidhe.

Naoi gcloigeann déag de bhalraíocht atá ag Garda Cósta na Maoile Ruaidhe agus tá éagsúlacht mhór idir na baill ó thaobh taithí de, de thairbhe go bhfuil baill ansin ón am a bunaíodh an tseirbhís sa bhliain 1992 faoin ainm *Tarrtháil Cósta agus Aille na Maoile Ruaidhe*, agus tá baill ansin atá i ndiaidh a theacht isteach sa tseirbhís i mbliana. Tá an traenáil a théann ar aghaidh leanúnach agus ar bhun rialta, achan dara seachtain, ag déanamh sealaíochta idir oíche i rith na seachtaine agus tráthnóna ag an deireadh seachtaine. I measc na ngníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn ar siúl againn sa traenáil bíonn: tarrtháil báid, tarrtháil aille,






teicníochtaí sa chuardach agus tarrtháil, gartharrtháil, cumarsáid raidió, obair rópa agus obair chairte.

Ceathrar de chriú atá riachtanach don bhád agus déantar cleachtadh agus traenáil go rialta i mBá na Maoile Ruaidhe agus i mBá na nDúnaibh. Sa traenáil seo déantar cleachtadh ar a bheith ag cur an bháid san uisce, cleachtaithe tarrthála ar fhear san fharraige, cleachtaithe ar thiontú báid ar luas ard, ag teacht taobh le bád, ag cur téad ar bhád, ag iompú báid bheaga béal faoi agus a n-iompú ar ais, ag coinneáil bád faoi smacht leis an ancaire agus obair loingseoireachta. I mbliana chuir muid isteach innill chúpla 115ec. in áit an dá inneall cúpla 100ec. a bhí istigh cheana agus thig leo luas 38 muirmhíle a dhéanamh.

Trí dhuine dhéag ar fad atá a dhith leis an obair uilig a bhaineann le hobair aille a chur i gcrích agus san áireamh anseo tá obair a bhaineann le bearta sábháilteachta ar bharr na haille. Ar na haillte déantar cleachtadh ar dhreapadóireacht, ag tabhairt tarrthála ar dhaoine a bhíonn gortaithe (bíonn réimse de chineálacha éagsúla gortuithe san áireamh anseo, daoine atá gortaithe ach ábalta siúil agus ansin tá daoine a gcaithfear a chur ar shínteán (stretcher)), ag baint úsáide as modhanna ar leith ag brath ar an chineál cás atá i gceist.



Bhí an bhliain seo thar a bheith ciúin le taobh blianta eile. Ní

bhfuair muid ach cúig ghlaoch le dhul amach i mbliana agus tá seo cuid mhaith níos lú ná an gnách líon glaonna, a bhíodh ó 15 - 20. Tá lúcháir orainn go bhfuil daoine i ndáiríre faoi chúrsaí sábháilteachta ar an fharraige agus tá seo le feiceáil ar an líon glaonna a fuair muid.

I measc na nglaonna a fuair muid bhí eachtraí macasamhail an chuardaigh don tumadóir a cailleadh seacht míle dhéag ó thuaidh ó Cheann Mhálainne; cuidiú a chur ar fáil do chanúire (canoeist) a bhí i mbuaireamh fá Bhá Dhún Fionnachaidh agus don bhád beag a chuaigh ina airicis ach a raibh cuidiú a dhiohbáil uirthi fosta; agus eachtra a tharla san oíche nuair a bhris bád beag 4.5m a cábla stiúrtha in aice le Cnoc an Mharmair ( Marble Hill).



Bíonn muid páirteach i réimse de ghníomhaíochtaí pobail i rith na bliana. Bíonn cúraimí tacaíochta ó thaobh sábháilteachta orainn le linn an snámha bhliantúil i gCnoc an Mharmair Lá Nollag Beag, le linn an Regatta, le linn comórtaisí toinníochta gaoithe, le linn rása rafta na féile, agus rinne muid dhá bhád a thionlacan fríd fharraigí Ros Goill le linn dóibh a bheith ar dhúshlán farraige thart ar an tír; chruinnigh muid airgead do Scoil Naomh Íosaph i mBaile Átha Cliath, scoil do pháistí atá dall.

I gcás éigeandála (emergency), má tá deacrachtaí agat, ná cuir an glaoch chuig Garda Cósta na hÉireann chun moille. Tá sé níos fearr an bád tarrthála a dhul ‘un farraige agus an héileacaptair a dhul san aer agus scéala a fháil pilleadh ar ais ná iad a bheith ar láthair na trioblóide nuair atá sé rómhall.

**I gcás éigeandála cuir glaoch air 999 nó 112.**

## *An t-Oireachtas 2007*

*Bhí Oireachtas na Samhna 2007 thíos i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo ón 1ú go dtí an 3ú lá de mhí na Samhna. Bhí beirt as an pharóiste seo, Roisín Ní Bhuaidhe agus Laura Nic Eiteagáin, páirteach ann i mbliana. Bhain an bheirt seo an dara háit amach sa chomórtas faoi dhá bhliain déag anuraidh agus i mbliana bhí siad sa chomórtas faoi aois chúig bliana déag. Thosaigh siad ag cleachtadh an agallaimh ar an 20ú lá de Mheán Fómhair agus choinnigh siad ag dul don chleachtadh go díograiseach achan seachtain go ham an chomórtais. Níl ann ach an chéad áit agus an dara háit sa chomórtas agus ar an drochuair, cé go ndearna siad cur i láthair iontach, níor éirigh leo duais a thógáil i mbliana. Is cuma faoi sin anois mar tá cumas na n-agallaimh sna girseacha seo agus tá feabhas go bráth ag teacht orthu achan bhliain. Tá “chéad áit” san Oireachtas iontu amach anseo gan amhras agus tá súil agam go spreagfaidh iarracht s’acu déagóirí eile chun agallaimh a dhéanamh amach anseo.*



# Curach Bhaile Átha Cliath.



I ndiaidh cluiche ceannais na hÉireann na bliana 2006 idir Chiarraí agus Mhaigh Eó, an cluiche sin a chuifeadh beaguchtach ar dhuine a bheith ag amharc air, bhí cúpla duine againn, mé fhéin, Eddie Gallaghar (Éamon), agus Aeneas Mac Laifeartaigh (Mharcuis) inár suí i gClub na Múinteoirí i gCearnóg Pharnell ag ól cúpla pionta. Bhí an leann dubh a chaitheamh siar agus cha raibh aon fhadhb ná deacracht ar dhroim an Domhain nach raibh muid a réiteach. Tharraing Aeneas air an scéal faoin dóigh ar thóg scaifte as Mí-obhaigh dhá churach agus go raibh shúil ag dream eile ceann a thógáil an Geimhreadh sin ar an taobh thiar. 'Cad é fá cheann a thógáil i mBaile Átha Cliath?' arsa Eddie. Bhí an síol curtha aige agus de réir mar bhí an tráthnóna ag dul thart agus Arthur ár ngríosadh d'éirigh obair thógáil curaí níos fusa agus níos fusa go dtí sa deireadh go dtiocfadh le hamadán ar bith curach a thógáil.

Lá arna mhárach chuir mé fhéin glaoch ar Eddie, "B'fhearr dúinn anois" arsa mé fhéin "gníomh a chur leis na focla". Bhí Eddie ag súil gur aislingeacht a bhí sa tráthnóna roimhe sin agus le mise a chur ó dhoras dúirt sé go mbeadh sé toilteanach labhairt le cúpla stócach eile as thart a bhí ag obair i mBaile Átha Cliath. Nuair a chuir sé an smaoineamh seo chuig Pádraig Mac Giolla Bhríde (Proinsí), agus Pól Ó Brogáin (Dinis) shíl siadsan gurb fhiú go mór tabhairt faoi agus bhí siad iontach sásta a bheith mar pháirt den fhoireann. Dúirt James Mac Laifeartaigh (James Dinis Aindí) fear a bhfuil ós cionn trí fichid bliain caite aige as baile, idir Londain agus Bhaile Átha Cliath, go mbeadh seisean sásta cuidiú a thabhairt dúinn fosta.

Chuaigh muid i gceann oibre ar an churach am inteacht thart fá lár Mhí Eanáir amuigh in Citywest. Bhí curacha tógtha ag cuid aithreacha Phádraig agus Phóil roimhe sin agus ag uncal de chuid Phádraig fosta, sin Dinis Dhonchaidh Mhícheáil agus fuair muid tomhaiseanna uathusan le muid a chur ar an bhealach. Chas muid le chéile de ghnách tuairim is uair amháin sa tseachtain ag tús agus chuir muid síos an fráma.

Adhmad learóige (larch) a d'úsáid muid ar thosach na curaí agus rinne muid é a ghalú agus a lúbadh leis na cuair a dhéanamh. Tháinig na slatacha coill agus saileoige as Ros Goill. Rinneadh na slatacha a fhí, agus a cheangal le chéile agus ansin cuireadh isteach i bpoill iad a bhí déanta i bhfráma na curaí, áit ar dearnadh iad a dhaingniú le dingeacha (wedges).



Bhí muid réidh anois leis an churach a chlúdach. Línéadach a d'úsáid muid don obair seo agus ba Martin Wade a ghearr agus a d'fhuáil é go hoilte i gcruth na curaí. Greamaíodh an línéadach den churach le tairní copair. Cuireadh tarra sa mhullach ar seo agus cuireadh é air go flúirseach sul ar cuireadh an chéad chlúdach eile de línéadach uirthi. Cóta eile de thar te anois agus bhí sí chóir a bheith réidh. Rinneadh bloic do na roillicí, rinneadh an fráma a vearnaiseáil agus sa deireadh thiar thall rinneadh na rámhaí.



Bhí sí anois réidh do na triallacha agus chuir muid í faoi thriall ar Loch Blessington. De thairbhe go deachaigh achan rud go maith shocraigh muid an dáta lainséala don 8ú Nollag. Chuir muid amach cuireadh ag daoine ón cheantar a raibh cónaí orthu fá Bhaile Átha Cliath agus fá áiteacha nach raibh rófhada ón chathair, go mbeadh an lainseáil amuigh ag Dún Laoghaire.





Bhí scaifte breá de bhunadh Ros Goill, tuairim is dhá scór acu, i láthair i nDún Laoghaire ar an Sathairn an 8ú lá nuair a rinne an tAth Micheál Ó Ceallaigh sagart de bhunadh na nDúnaibh an curach a choisreacadh.



Leanadh le traidisiún áitiúil nuair a tharraing Pádraig Phroinsí amach buidéal uisce beatha, líon sé amach gloinne de agus chaith sé é isteach san fharraige chuig na síogaithe. D'ól na fir a bhí ag dul 'na farraige gloinne ansin. Ba seo gnás a bhí ann le daoine a shábháil ón síon. (Leoga leithscéal maith a bhí ann le deoch a fháil!). Cé nach raibh an bád farrantóireachta ábalta seoladh go Hollyhead an lá sin de thairbhe cúrsaí aimsire de níor chuir seo bac ar bith ar bhunadh Ros Goill a gcurach a chur 'na farraige agus sin a rinne muid thart fán trí a chlog.



Nuair a bhí ócáid na lainseála thart d'imigh an chuideachta uilig suas go dtí an Purty Kitchen áit ar caitheamh tráthnóna suáilceach.

Le deireadh a chur le scéal na curaí ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl daofa seo leanas: An tAth Mícheál Ó Ceallaigh, a choisric an churach, do William Mc Nutt a thug dúinn an línéadach, Máistir Poirt Dhún Laoghaire agus Gardaí an Phoirt ar son a gcuid fáilteachais, Tom Mitchell as Sligeach a thug an tarra agus do Tom Mc Fadden ar an obair phroifisiúnta a rinne sé don ghrianghrafadóireacht. Ar deireadh thiar thall cha dtiocfaí dearmad a dhéanamh do na daoine uilig a d'fhreastal ar an ócáid, go háirithe iadsan a chur turas fada orthu féin.



Séámus Mac Giolla Chearra. (James Shéarlaí John Nochaí).

Seo cuid de na déagóirí atá ag freastal ar na ranganna Gaeilge in Áras Ros Goill agus an múinteoir Mícheál Mac Laifeartaigh.








B.T.



Lucy Mee



Seaghan Ó Conchúir



Meadhb Ní Chearáin



Chloe Ní Bheoláin



B.T.

## Cuimhní Nollag

Is cuimhin liomsa Nollaigí
Nach bhfillfidh ar ais choíche,
Nuair a bhínn ag tarraingt gainimh
Is mulláin bheaga chladaigh
Is á scaradh os comhair an tí.

Is cuimhin liom an t-eidheann
Is an cuileann lena thaobh
Thuas ar bhallaí geala,
Is boladh cumhra an aoil.

Is cuimhin liom na coinnle
Lasta i bhfuinneoga,
Is gach áras ina lóchrann geal
Ag soilsiú an bhóthair do Chríost.

Anois ag trial ar bhóithre an doichill dom
Is na cuimhní úd do mo chrá,
B'fhearr liom go mór díchuimhne
Ná méadú ar mo chás.

*Máirtín Ó Direáin.*



Niamh Ní Ghrianna



Michaela Ní Luachra



Meadhb Ní Chearáin

Seo pictiúir a tharraing rang a cúig agus rang a sé ó Scoil Dhuibhlinn Riabhach. Nach bhfuil siad galánta.



Meadhb Ní Chearáin



B.T.



Jamie Ní Earcáin



Eimear Ní Threartaigh

# Na Geamaireachtaí.

Is é seo an t-am den bhliain a bhfuil intinn na ndaoine dírithe isteach ar ghnóthaí na Nollag. Tá litreacha sa phost do Dhaidí na Nollag, tá maisiúcháin na Nollag curtha in airde sna tithe agus tá tús curtha leis an siopadóireacht don lá mór.
Tá traidisiún eile Nollag sa cheantar seo anois le tamall de bhlianta agus is é sin na geamaireachtaí.



Oileán Seoide



Jaeic agus an "Beanstalk"

Is é seo an tríú bliain do na páistí i Scoil Naomh Bríd, na Dúnaibh agus Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach geamaireacht a dhéanamh agus caithfidh mé a rá go bhfuil an caighdeán ag dul in airde achan bhliain.
I mbliana rinne Scoil na nDúnaibh 'Jaeic agus an Beanstalk' agus rinne Scoil Dhuibhlinn Riabhach 'Oileán Seoide' ( Treasure Island). Thosaigh na cleachtaithe go luath i Mí na Samhna agus tá sé soiléir ó na taispeántais a thug siad gur chuir na páistí léar oibre isteach ins na tógraí seo. Tá moladh mór tuilte acu, ní amháin ó thaobh aisteoireachta de, ach ó thaobh na ndamhsaí de fosta. Tá buíochas mór tuillte ag Erin Nic Iomhair, na Dúnaibh agus ag Cloe Borland, Duibhlinn Riabhach ar son na cóiréagrafaíochta iontach a rinne siad le Jeaic agus le Oiléan Seoide faoi sheach.

Ar an Aoine, an 14ú Nollaig chuaigh páistí Dhuibhlinn Riabhach ar an ardán le Oileán Seoide. Thosaigh an seó ag a leath i ndiaidh a seacht le hamhráin ó na ranganna eile agus ansin bhí crannchur ann. Thosaigh an geamaireacht thart faoi leath i ndiaidh a hocht. Bhí slua mór i láthair agus de réir cosúlachta bhain siad uilig sult as an oíche.







Bhí an t-ardán ag páistí na nDúnaibh oíche Dé Domhnaigh agus chuir na naonáin tús leis an oíche le hamhráin na Nollag, thosaigh Jeaic ag a hocht a chlog agus chríochnaigh siad suas le crannchur. Arís bhí slua mór i láthair agus gan amhras bhain siad sult as an oíche.











Bhí caighdeán iontach aisteoireachta ar an dá oíche agus ba mhaith liom thar ceann Chéim Aniar mo bhuíochas a ghabháil leis an dá scoil ar son an tacaíocht a thug siad do na geamaireachtaí, agus do na páistí ar son na hoibre a chur siad isteach.

## COIRNEÁL THUAITHAIL.

Seo fear an taoibh thoir arís agus é ag aislingeacht faoin sean "Lada" a cheannaigh sé. Níl mórán céille leis ó am go ham ach tá craiceann maith aige ar an scéal seo.

Mar a dúirt mé roimhe, chuir mé litir bhreá ghéar chuig bainisteoir an gharáiste ag Barr an tSléibhe i Leitir Ceanainn agus tháinig sé anuas chun socraithe a dhéanamh linn. Thug mé giota maith de m'intinn dó agus scainnir do a chuir an croí agus an cac ar crith ann. Idir muid fhéin, chuir mé giota beag eile leis an scéal anseo agus ansiúd. D'inis mé dó gur an rud ba mhó a chuir isteach orainn ná nuair a chuaigh an scéal amach fríd an bhaile agus an pharóiste gur thit an tóin amach as cófra an Lada s'againne go raibh cuid madaidh an bhaile ag troid faoinár gcuid torthaí. Dúirt mé leis gur chuir sin an hata stáin ar an scéal agus nach raibh sé maith go leor. D'inis mé dó gurbh éigean dúinn tacsaí a fháil, tacsaí a dhéanfadh turas goirid de, le dul chun an Aifrinn mall Dé Domhnaigh. Thiomáin an boc sin suas an trá mar a bheadh fear mire ann agus bhí mé réidh le cnaipe a scaoileadh nuair a fuair muid fhad le Teach a' Phobail agus mé chomh bán le taibhse.




Nuair a chuaigh muid isteach bhí scaifte ina seasamh thíos ar chúl an tséipéil. Thug mé fá deara fear beag anuas ó na cnoic, a raibh maróg agus cruit air, ag caint lena chairde agus daoine eile in aice leis. Chaoch sé orm agus cár gáire air ó chluas go cluas. Bhí mé den bharúil gurbh fhéidir go bhfuair sé tuairim faoi scéal an Lada. Ní raibh maitheas ar bith aige faoina eiteog.

Chuaigh muid suas lár báire i ndeas don altóir. Nuair a d'amharc mé trasna bhí an cruiteachán agus a chara ina suí ar an taobh eile ag amharc trasna orm, lena n-ordóga tógtha. Thosaigh an sagart ar an Aifreann agus ansin ar an tseanmóir. An chéad rud a labhair sé faoi ná costas dí sna tithe ósta, agus na sean rógairí a bhí a reáchtáil. "Tá mé ag caint faoi theach ósta sna Dúnaibh, áit a bhfuil fir aosta, chríonna ina suí suas go dtí scairt an choiligh ag a sé a chlog ar maidin ag caint faoi shean charranna", a dúirt sé. Déarfainn b'fhéidir gurbh é an rud is mó a bhí ag cur isteach air ná nach raibh sé ina gcuideachta (an ólann cat bainne). Dúirt sé nach raibh amadán ar bith chomh olc le seanamadán agus an mhéar sáite suas aige ag amharc anuas ormsa.



Thug mé súil trasna ar na boic agus bhí na hordóga sáite suas acu agus iad ar crith leis an gháire. Bhí mé i ndeas "comhartha" a dhéanamh leo nuair a thug mé faoi deara go raibh súil an tsagairt orm. "Tá mise ag insint daoibhse go fírinneach go mbeidh na seanrógairí seo uilig ag fáil carranna damanta gasta síos go dtí leacacha ifrinn agus ní Lada's a bheas iontu." arsa seisean. An gcreidfeá gur thóg sin mo chroí agus thug mé bualadh bos dó. Bhí iontas orm nuair a rinne na boic eile agus an pobal an rud céanna lena gcuid súile ormsa.





Nuair a chuaigh muid suas fá choinne Comaoineach chrom an sagart anuas le cogar i mo chluas. "Ar thug tú maithiúnas don bhoc a dhíol an seanLada leat"? arsa seisean. Dúirt mé gur thug ach nach ndearna mé dearmad. Ansin thug sé Comaoineach domh. Mar a deir siad, sin é sagart críonna. Nuair a bhí mé ag fágáil na haltóra chuir mé mo spág agus meáchan mo choirp síos ar a chuid buinneáin agus lig sé scread as agus choinnigh sin é go socair. Ar ár gcosán amach bhí daoine ag caint faoin seanmóir agus fuair cuid acu greim lámha orm ag rá go raibh siad buartha fá mo thrioblóid.

Léim muid isteach sa tacsaí. Bhí na cleiteacha ina seasamh ar "Speedy" ag fanacht linn agus thug sé an bhróg di. Stróic sé amach an geafta agus shílfeá go raibh cuid madaí an uachtar ag stróiceadh an tóin as a bhrístí. Nach muid a bhí sona ag fáil abhaile slán sábháilte.

Nach maith an fhoighde a bhí ag bainisteoir an gharáiste a d'éist leis an scéal seo go huile agus go hiomlán. An gcreidfeá go raibh na deora ag reáchtáil anuas a aghaidh. Níl mé cinnte an ag caoineadh nó ag gáire a bhí sé.

*Bhí bratóg leis lena aghaidh a thriomú agus an smug a ghlanadh dá shrón. Ansin dúirt sé gurbh an rud ab fhearr ná Lada eile a fháil domh agus gurbh insíodh dó go raibh seanLada ag nocáil thart fá Charraig Airt agus go raibh sé ag dul go maith. Dúirt sé*



*gur fear mór, sómasach, le grágán gruaige, bairéad agus bréiseach glas air a bhí á thiomáint siar agus aniar go barr na sráide leis na blianta anuas. Ní raibh a fhios agam cé a bhí sé ag caint faoi. Ní raibh fear ar bith den déanamh sin as Carraig Airt sa "Model" i Falkirk na hAlban i 1952 nuair a bhí mise agus Páidí Nedí ann agus mé briste agus sna bratóga. Dúirt mé leis an bhainisteoir go raibh an seanLada dearg (le meirg) seo cosúil le Rolls Royce an oidhre dlisteanach don Tiarna Liatroma, go bhfuil an bheirt acu curtha faoi shuaimhneas anois. Is é mo chomharsa Páidí an t-aon fhear sa pharóiste seo a bhfuil Rolls Royce aige anois. Le sin thug mé fá deara go raibh bainisteoir an gharáiste ag tochas a mhuiníl agus a ghlúine, agus corr áit eile anseo agus ansiúd agus é ag amharc ar an chlog ó am go ham. Dúirt mé leis nach mbeadh deacracht ar bith agam seachtain a chaitheamh sa chúirt ag tabhairt meas ar an damáiste don mheastóir fá choinne an bhreithiúnais dheireanaigh. An gcreidfeá gur tharraing sé sparán amach as a phóca tóna agus chuntas sé €1,800 isteach i mo lámh. Thug mé búta (lucks penny) de €10 dó agus ansin thug sé dearbhán domh fá choinne deich lá saoire sa "Model" i Falkirk, agus costais bia agus dí agus gach rud eile díolta. Tá mé cinnte gur mhaith le mo chara Páidí seal eile a chaitheamh ann. Dearc ar an bheirt againn ag tarraingt suas ag an doras tosaigh sa Rolls Royce agus muid ag*



*bualadh lenár seanchairde. Bheadh siad bródúil agus b'fhéidir go sílfeadh an pobal gurbh í an bhanríon í féin a bhí ag tabhairt cuairt ar na bochtáin nó ag caitheamh seal sa "Model" leis an Rolls Royce sáite thuas ag an doras.*

*Prionsaí Mac Giolla Bhríde.*

Cupla Seanfhocal

Duine ar bith nár chuir Dia ciall ann, ní chuirfidh maide ná bia ciall ann

* * *

Dá fheabhas teach an tábhairne níl fáilte gan díol ann

* * *

An té is lú eolais is é is mó a labhraíonn

* * *

Tabhair drochainm do m
hadra is caithfidh gach éi
nne cloch leis

* * *

Cuir síoda ar ghabhar, is gabhar i gcónaí é

* * *

Is treise dúchas ná oiliúint

* * *

## Biddy (Duffy) Mhic Laifeartaigh.



Rugadh Biddy i mBaile 'n tSléibhe ar 17 Lúnasa 1911. Fuair sí a cuid scolaíochta ar scoil Dhoire a Chasáin. Bhí sí ar fostaíocht ar an Tearmann nuair a d'fhág sí an scoil agus i ndiaidh di an Tearmann a fhágáil chuaigh sí go Béal Feirste áit ar obair sí go dtí 1961. Tháinig sí ar ais sa bhliain sin le cúram a thabhairt dá máthair. Fuair a máthair bás i 1963. Phós Biddy Den (Mháire) Mac Laifeartaigh sa bhliain 1964 agus bhí siad ina gcónaí ar an Mhuirleog. Fuair Den bás mí na Nollag 1972. D'oibrigh Biddy in óstán Ros na Binne go dtí'n bhliain 1974.
Tá sí ina cónaí ar an Mhuirleog anois lena nia Denis Duffy agus a bhean chéile Madge agus tá sí ag tarraingt ar a 97ú bliain. Is i an duine is sinne sa pharóiste agus an duine deireanach de dheichniúr clainne.

## Máire Bn Uí Ghallchóir (Ní Shearcaigh)

Rugadh Máire i mBráid, Cionn Caslach sa bhliain 1917. Bhí sí ar dhuine de sheisear clainne. Fuair sí a cuid oideachais ar Scoil Mhullach Dubh. I ndiaidh di an scoil a fhágáil chuaigh sí ag obair thuas i Rath Bhotha ag an Sagart Ó Cuineagáin.
Fuair sí obair ina dhiaidh sin in Óstlann Charraig Airt samhradh amháin agus ina dhiaidh sin sa Réalt Thuaidh. Ba anseo a casadh a fear céile Pat Gallagher uirthi, agus pósadh iad ar an 7 Márta, 1947 i mBaile Átha Cliath. Thóg siad a dteach féin i gCarraig Airt agus chuaigh siad a chónaí ann sa bhliain 1950. Bhí beirt clainne acu, Hugh agus Lily. Bhí aithne mhaith ar Phat Gallagher mar gur fear tacsaí a bhí ann agus ina dhiaidh sin bhí busanna scoile aige, mar a bhí ag a mhac Hugh go dtí le déanaí. Fuair Pat bás sa bhliain 1997. Reáchtáil Máire teach lóistín agus ba ghnách leí dinnéaracha a dhéanamh d'fhir oibre agus do thiománaithe as gach cearn. Tá Máire beo go fóill agus i aice fhéin go maith. Rinne sí a breithlá 90 bliain a cheiliúradh go suáilceach cupla seachtain ó shin i gcuideachta a teaghlach, a comharsana, agus a cairde.
Go mbeidh blianta fada, sláintiúil aici.



Bhí oíche mhór, cheoil, cheiliúraithe, scléipe agus chraic i gClubtheach Ros na Binne, ar an Mhairt an 11 Nollaig nuair a chruinnigh seandaoine na paróiste mar is gnáth fá choinne an oíche bhliantúil a bhíonn acu. Ar an chéad dul síos, bhí béile blasta ar fáil don tslua mór a bhí i láthair, suas le seacht scór duine, idir fhir agus mhná agus togha gach dí dófá sin a bhí a chuardach.

Ar ndóiche, bhí siamsa den chéad scoth ann chomh maith, le ceol ó Fhear Fhánada, Séamas Mac Giolla Bhríde agus bhí damhsóirí Gaelacha ann a thug rí-phléisiúr don lucht féachana ar fad. Ba é ceol Shéamais Uí Luadhóig, Dhónail Uí Dhochartaigh leis "An Carraig Airt" agus "An Maggie Pickens" a rinne Jimí Bhriní buaic phointí na hoíche, de réir na dtuairiscí a fuair muid. Ní bhíonn oíche mar seo i gceart ag an am seo den bhliain gan cuairteoir speisialta ón Mhol Thuaidh agus leoga bhí Daidí na Nollag ann gan amhras, cé nach fios cé a bhí ann! De réir cosúlachta, bhí an t-ádh ar na fir siocair líon na mban ach is ag na mná a bhíonn an focal deireanach, mar is gnáth, cionn is go maireann siad níos faide, de réir na staitisticí! Ba mhaith leo a mbuíochas a ghabháil le Proinsias agus Hilary Ó Cathasaigh agus tá an-bhuíochas tuillte ag Coiste Uinseann De Pól agus d'achan duine a chuidigh, beag nó mór agus is iomaí duine a thug cuidiú fhlaithiúil.









